**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*
*An Cathaoirleach*

12.9.2024

An tUas. Johan Van Overtveldt
A Chathaoirligh
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 - na ranna uile (2024/0176(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Chinn Comhordaitheoirí an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an 24 Iúil 2024 go dtabharfadh ENVI tuairim maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 - gach roinn (2024/0176(BUD)) i bhfoirm litreach. Dá bhrí sin, mar Chathaoirleach ENVI agus mar Bhuanrapóirtéir don Bhuiséad araon, ba mhaith liom rannchuidiú ENVI a chur ar fáil duit i bhfoirm míreanna rúin, a ghlac ENVI ag an gcruinniú a bhí aige[1] an 12 Meán Fómhair 2024 agus a iarraim ar do choiste a chur san áireamh:

- á chur i bhfios go láidir go n-ionchorpraítear i mbuiséad 2025 an Aontais tionchair an

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Antonio Decaro (Cathaoirleach), Pietro Fiocchi (Leas-Chathaoirleach), Anja Hazekamp (Leas-Chathaoirleach), Pascal Arimont, Alexander Bernhuber, Gabriella Gerzsenyi, Michalis Hadjipantela, Christophe Hansen, Radan Kanev, Stefan Köhler, Ewa Kopacz, András Tivadar Kulja, Peter Liese, Norbert Lins, Jessica Polfjärd, Dennis Radtke, Oliver Schenk, Christine Schneider, Susana Solís Pérez, Ingeborg Ter Laak, Flavio Tosi, Dimitris Tsiodras, Javier Zarzalejos, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Milan Zver, Grégory Allione, Jeannette Baljeu, Stine Bosse, Gerben-Jan Gerbrandy, Martin Hojsík, Billy Kelleher, Christine Singer, Michal Wiezik, Vytenis Povilas Andriukaitis, Sakis Arnaoutoglou, Thomas Bajada, Estelle Ceulemans, Christophe Clergeau, Annalisa Corrado, Heléne Fritzon, Nicolás González Casares, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Maria Noichl, Marta Temido, Sebastian Everding, Emma Fourreau, Catarina Martins, Carola Rackete, Jonas Sjöstedt, Martin Häusling, Pär Holmgren, Ignazio Roberto Marino, Rasmus Nordqvist, Maria Ohisalo, Majdouline Sbai, Lena Schilling, Stefano Cavedagna, Emmanouil Fragkos, Geadis Geadi, Paolo Inselvini, Jacek Ozdoba, Beatrice Timgren, Aurelijus Veryga, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska, Christine Anderson, Anja Arndt, Ondřej Dostál, Mathilde Androuët, Mireia Borrás Pabón, Jorge Buxadé Villalba, Anne-Sophie Frigout, Roman Haider, Jana Nagyová, Margarita de la Pisa Carrión, Silvia Sardone, Sebastiaan Stöteler, Sander Smit, Viktória Ferenc, Andreas Glück

athbhreithnithe mheántéarma ar na huasteorainneacha caiteachais sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) a tharla i mí Feabhra 2024, lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin éagsúla atá os comhair an Aontais lena n-áirítear an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil atá ar tí tarlú, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, brúnna imirce agus na bunchúiseanna atá leo, freagairt don ghéarchéim sa Mheánoirthear agus ár n-acmhainneacht freagairt ar thubaistí nádúrtha a threisiú;

- á iarraidh go n-áiritheofar na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun an reachtaíocht a glacadh sa timthriall reachtach deireanach a chur chun feidhme go tapa i réimsí na haeráide, an chomhshaoil, na sábháilteachta bia agus na sláinte, agus ag díriú ar réimse príomhthosaíochtaí, amhail maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, bithéagsúlacht, aistriú cóir agus an geilleagar ciorclach;

- á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ról an Aontais a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta tríd an gcistiú do ghníomhaíochtaí an Aontais a mhéadú lena n-áiritheofar cosaint an chomhshaoil agus lena rachfar i ngleic leis an athrú aeráide ar fud an domhain;

- á mheabhrú gur straitéis fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip agus gur cheart dá bheartais cur chun feidhme iomaíochas an Aontais a chomhlánú, tacú leis agus é a fheabhsú tríd an gcistiú iomchuí;

- á mheabhrú go bhfuil sé beartaithe ag an Aontas, le linn na tréimhse 2021-2027, 30 % ar a laghad dá bhuiséad a chaitheamh ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid; á chur in iúl gur geal léi gur fearr dréachtbhuiséad 2025 ná an cuspóir sin, agus 33,5 % tiomnaithe do phríomhshruthú aeráide;

- á mheabhrú gur cheart an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú i gcláir AE chun 7,5 % ar a laghad den chaiteachas bliantúil a leithdháileadh ar chuspóirí bithéagsúlachta in 2024 agus 10 % in 2026 agus 2027 araon; á chur in iúl gur oth léi nach mbainfear na cuspóirí sin amach, ós rud é gurb ionann príomhshruthú bithéagsúlachta agus 7,3 % den bhuiséad in 2024, agus 7,8 % in 2026 agus 7,9 % in 2027; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaithe eile lena mbaineann a áirithiú go gcuirfear bearta feabhais i bhfeidhm go tapa chun na spriocanna príomhshruthaithe bithéagsúlachta a bhaint amach; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) chun cuspóirí bithéagsúlachta a bhaint amach;

- ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh laghdú EUR 7,1 milliún ar na gealltanais faoi bhraisle an bheartais um Chomhshaol agus um Ghníomhú ar son na hAeráide i gCeannteideal 3 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol', agus go dtiocfaidh méadú EUR 28,3 milliún ar na híocaíochtaí idir 2024 agus 2025; á mheas, i bhfianaise chuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050 ar a dhéanaí, gur cheart an buiséad atá dírithe ar an mbraisle sin a mhéadú;

- á mheabhrú gur ceapadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) chun tacú le téarnamh inbhuanaithe ó phaindéim COVID-19 agus chun athléimneacht a chothú i gcoinne suaití amach anseo, go háirithe trí thacú leis an aistriú glas agus digiteach. dá bhrí sin, iarrtar ar na Ballstáit 37 % ar a laghad dá gcaiteachas iomlán a chaitheamh ar infheistíochtaí agus ar athchóirithe chun tacú le cuspóirí aeráide;

ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cistiú leordhóthanach a leithdháileadh ar gach líne bhuiséid

aonair a rannchuidíonn leis an aistriú glas a bhaint amach, agus béim ar leith á leagan ar inbhuanaitheacht, ar an athrú aeráide agus ar chaomhnú na bithéagsúlachta, amhail aird ar chosaint beach agus pailneoirí agus a ról mar tháscairí d'éiceachórais shláintiúla;

á chur i bhfáth gur gá cistiú leordhóthanach a leithdháileadh ar chlár LIFE, lena dtacaítear leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a chosaint, le haer agus uisce an Aontais a chosaint agus a fheabhsú ó thaobh cáilíochta de, agus leis an aistriú i dtreo geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh, bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, ciorclach, neodrach ó thaobh na haeráide de agus athléimneach ó thaobh na haeráide de;

- á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá na hacmhainní airgeadais sa Chiste um Aistriú Cóir chun tacú leis na réigiúin agus na hearnálacha sin is mó a ndéanann aistriú an Aontais ó bhreoslaí iontaise difear dóibh;

- á chur in iúl gur geal léi cur chuige an Choimisiúin tús a chur le gníomhaíochtaí ullmhúcháin an Chiste Aeráide Shóisialta (SCF), a bunaíodh chun na tionchair shóisialta ar ghrúpaí leochaileacha san Aontas a mhaolú, ar tionchair iad a eascraíonn as Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) a leathnú chuig foirgnimh, iompar de bhóthar agus cineálacha breise breoslaí; á chur i bhfios go láidir gur gá faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí na bpleananna náisiúnta aeráide sóisialta agus ioncam náisiúnta CTA 2 agus á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an leor iad sin chun tionchar eacnamaíoch CTA 2 ar na teaghlaigh sin a mhaolú go hiomlán agus an bhfuil gá le cosaintí níos láidre chun cosc a chur ar chostais mhéadaithe difear díréireach a dhéanamh dóibh siúd is lú atá in acmhainn íoc astu; ag tabhairt dá haire, maidir le SCF, go soláthróidh cuid den ioncam ó lamháltais astaíochtaí in CTA2 a chur ar ceant é;

- á chur in iúl gur geal léi leithdháileadh an chistithe chun an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) a chur ar bun lena dtugtar aghaidh ar an riosca sceite carbóin, lena n-áirithítear go mbeidh táirgeadh intíre agus allmhairí faoi réir leibhéil chomhchosúla praghsála carbóin, agus lena spreagtar táirgeoirí i dtríú tíortha teicneolaíochtaí dícharbónaithe a ghlacadh;

á chur in iúl gur oth léi go mór athdháileadh EUR 1 bhilliún ón gclár EU4Health thar an tréimhse 2025-2027, ar laghdú beagnach 20 % é ar an mbuiséad iomlán, a comhaontaíodh le linn athbhreithniú meántéarma ar CAI, lena n-áirítear EUR 189 milliún in 2025 a ath-leithdháileadh ar línte buiséid eile agus lena gcuirtear cumas an chláir a chuspóirí criticiúla a bhaint amach i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar ghníomhaithe eile lena mbaineann módúlachtaí praiticiúla a aimsiú chun an ciorrú sin a chúiteamh chun a áirithiú gur féidir sprioc an chiste maidir le tógáil córas sláinte níos láidre, níos athléimní agus níos inrochtana a bhaint amach agus cistiú EU4Health a mhéadú trí bhealaí éagsúla, amhail tríd an Ionstraim Sholúbthachta; ina theannta sin, i gcomhthéacs an chéad CAI eile, ag moladh go láidir go méadófaí go suntasach an cistiú don chúram sláinte; á chur i bhfáth gur gá cistiú leordhóthanach a leithdháileadh freisin don Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é;

- á iarraidh, thairis sin, go méadófaí an buiséad don Bhraisle Sláinte faoi Fhís Eorpach chun tacú le taighde agus forbairt leighis i réimsí criticiúla ina bhfuil teipeanna margaidh ann amhail aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR), agus cumais taighde agus forbartha na hEorpa a neartú chun dul i ngleic le galair atá ag teacht chun cinn, atá ag teacht chun cinn an athuair, a bhfuil faillí déanta iontu agus neamhchoitianta; á chur

i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach línte buiséid sláinte a chosaint don chuid eile de CAI trí na ciorruithe atá beartaithe a aisiompú;

á chur in iúl gur oth léi ciorruithe EUR 37 milliún (gealltanais) agus EUR 154,9 milliún (íocaíochtaí) sna línte buiséid don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU), go háirithe i bhfianaise an ghá atá le maoiniú iomchuí a áirithiú don ionstraim sin chun dul i ngleic le dálaí adhaimsire atá ag dul in olcas i gcónaí agus leis na tubaistí nádúrtha a leanann astu amhail, inter alia, tuilte agus falscaithe san Aontas; ag tathant go ndéanfaí cistiú méadaithe a leithdháileadh ar na línte buiséid ábhartha;

á chur in iúl gur geal léi an méadú atá tagtha ar acmhainní do na gníomhaireachtaí Eorpacha faoi shainchúram ENVI, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) mar bhealach chun a áirithiú gur féidir leo a bhfeidhmeanna tábhachtacha i gceapadh beartas Eorpach a chomhlíonadh go hiomlán mar fhreagairt ar na dúshláin atá roimh an Aontas; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú leordhóthanach san fhadtéarma chun a bhfeidhmiú cuí agus éifeachtach a chumasú;

- á chur in iúl gur saoth léi na ciorruithe a rinne an Chomhairle ar línte éagsúla a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí a thagann faoi shainchúram Choiste ENVI, amhail an cnuasach ‘Sláinte’, ECHA, tacú le caiteachais do chláir EU4Health agus LIFE chomh maith le línte maidir leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht, an geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan; agus

- á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé córas acmhainní dílse feabhsaithe de chuid an Aontais a áirithiú a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus rannchuidiú le spriocanna sláinte, comhshaoil agus aeráide an Aontais.

Tá litir den chineál céanna seolta agam chuig Victor Negrescu, rapóirtéir ginearálta do bhuiséad 2025.

Le dea-mhéin,

Antonio Decaro

# IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cháil mar Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.